MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANALA

AR CHEADÚ (1) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE

DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA MBÓITHRE 1993 (ARNA

LEASÚ); (11) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAIR

CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (111) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA

CHUARBHÓTHAR CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

Ráiteas Fianaise

Freagairtí ar Agóidí/Aighneachtaí faoi

Cheisteanna Eachaí

le


**Michael P Sadlier**

**MVB CertESM MACVSc(EqSurg) CertES(Orth) MRCVS**

**EVC**


**19 Feabhra 2020**

# 1. Cáilíochtaí agus Taithí

1.1. Michael Sadlier is ainm dom agus bhain mé céim amach ó Choláiste Tréidliachta na hÉireann i mBaile Átha Cliath in 1983. Ó bhain mé an chéim amach, chaith mé 35 bliain sa chleachtas tréidliachta in Éirinn, i Sasana, san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa Fhrainc, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa tSeapáin. Is príomhaí mé i gcleachtas tréidliachta i mBaile Átha Cliath anois agus is comhairleoir mé faoi cheisteanna eachaí ag Equine and Veterinary Consultancy (EVC).

1.2 Ghníomhaigh mé mar chomhairleoir maidir le ceisteanna eachaí i dtaca le mórthionscadail agus miontionscadail bhonneagair thar na 14 bliana seo a chuaigh thart. Áirítear leis na tionscadail sin scéimeanna forbartha bóithre amhail Scéim Feabhsúcháin Bóthair N8 ó Chaiseal go Baile Mhistéala; Scéim Feabhsúcháin Bóthair N17 ó Ghaillimh go Tuaim; Scéim Feabhsúcháin Bóthair N11 ó Ghuaire go hInis Córthaidh; píblínte gáis (Bord Gáis – Píblíne ó Ghráinseach Chuffe go dtí an tOileán Mór); scéimeanna uisce agus draenála (Ervia – Scéim Draenála Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, OPW - Scéim Faoisimh Tuilte Chloich na Coillte), línte tarchurtha leictreachais (Eirgrid – Líne Tharchuir 440kV ó Chorcaigh go Cill Chuilinn; Eirgrid – Idirnascaire Thuaidh/Theas) agus forbairtí tionsclaíocha amhail Gléasra Bithmhaise College Proteins, an Obair, Co. na Mí.

# 2. Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Ba é an ról a bhí agam ar thionscadal Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe tionchair ionchasacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar fhiontair eachaí feadh an bhealaigh atá beartaithe i gcoitinne agus ar Ráschúrsa na Gaillimhe go háirithe a imscrúdú, a mheasúnú agus a thuairisciú agus comhairle a thabhairt ar na tionchair ionchasacha a sainaithníodh agus bearta maolaithe a mholadh chun aon tionchar a sainaithníodh a íoslaghdú.

2.2 Ar an 20 Iúil 2017, chaith mé an lá le Con Curtin, ó Curtin Agricultural Consultants Ltd, agus thaistealaíomar bealach na forbartha bóthair atá beartaithe, ag leagan béim ar leith ar na fiontair eachaí eile ar an mbealach. Mhínigh an tUasal Curtin nádúr gach fiontair eachaí feadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus an mhodheolaíocht a d'úsáid sé chun an tionchar ionchasach ar na fiontair sin a mheas. Tá Cuid 4.7 den Ráiteas Fianaise léite agam agus aontaím go hiomlán lena chinntí. Thug mé cuairt ar Ráschúrsa na Gaillimhe freisin an 6 Iúil 2017 i gcuideachta Mary Hurley agus Gerard O'Dea, Arup, agus bhuail mé leis an mbainisteoir ginearálta.

# 3. Príomhcheisteanna maidir le Ceisteanna Eachaí

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 14 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar na hiarratais i gcomhair ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo agus chun na freagairtí ar na haighneachtaí/na hagóidí a chur i gcomhthéacs, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann

leis an measúnú eachaí ar an bhforbairt bóthair a shonraítear i gCaibidil 14 den TMTT.

3.2 In Alt 14.3.1 de Chaibidil 14 den TMTT cuirtear síos ar an meascán d'fhiontair mar 16% de dháileachtaí talún agus fiontair eachaí mar an príomhfhiontar i.e. 31 dáileacht talún. Taispeántar in Aguisín A.14.1 go bhfuil fiontair eachaí in 8% eile de dháileachtaí talún mar fhiontar tánaisteach i.e. 15 dháileacht talún eile. Dá bhrí sin, tá an fiontar eachaí i láthair i 46 dáileacht talún nó i 24% de na dáileachtaí talún feadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

3.3 Sainaithníodh na fiontair eachaí mar a leanas:

- Rangaíodh 21 acu mar Chapaill – B'fheirmeacha iad na feirmeacha sin go príomha ina raibh capaill ina bpríomhainmhithe ar an talamh – Íogaireacht Ardleibhéil go Meánleibhéil (tagairtí na gceapach: 115, 116, 117, 146, 160, 167, 169, 194, 209, 210, 481, 505, 506, 507, 560, 578, 583, 632, 660-661, 718, 760)
- Rangaíodh ocht gcinn acu mar Chapaill agus Eallach Mairteola – Bhí roinnt capall ar an bhfeirm ag na fiontair sin agus iad ar féarach le heallach mairteola – Íogaireacht Mheánleibhéil go hÍseal-leibhéil (tagairtí na gceapach: 489, 496, 508, 509, 513, 649, 690, 751)
- Rangaíodh 15 cinn acu mar Eallach Mairteola agus Capaill – B'fheirmeacha táirgthe mairteola iad na fiontair sin go príomha agus corrchapall iontu – Íogaireacht Íseal-leibhéil go Leibhéil An-íseal (tagairtí na gceapach: 101, 153, 211, 216, 250-466, 498, 570, 572-592, 580, 581, 623, 627, 648, 750, 765)
- Bhí asail ar féarach i gceann amháin acu – Íogaireacht Íseal-leibhéil (tagairt na ceapaí: 154)
- Bhí Capaill agus Caoirigh i gceann amháin acu – Ba é sin Ráschúrsa na Gaillimhe, áit ar úsáideadh caoirigh chun an talamh a innilt – Íogaireacht Ardleibhéil (tagairt na ceapaí: 691)

3.4 Rinneadh measúnú tosaigh ar an bhfiontar eachaí bunaithe ar an bprionsabal de bhainistíocht dhian agus fhairsing eachaí. Sainíodh bainistíocht dhian eachaí mar idirghníomhú dlúth idir duine agus capall amhail marcaíocht, briseadh, traenáil le haghaidh rásaí, ullmhú searrach bliana, bainistíocht láracha agus searrach. Is breithnithe tábhachtacha iad do thraenálaithe capall ceisteanna sláinte agus sábháilteachta maidir le bainistíocht dhian eachaí. Sainíodh bainistíocht fhairsing mar chapaill ar féarach nach raibh mórán d'idirghníomhú idir duine agus capall de dhíth uirthi.

3.5 Mar a thug an tUasal Con Curtin le fios ní ba luaithe ina fhreagairt ar na haighneachtaí/agóidí, baineann fiontair eachaí le 46 dáileacht talún nó 24% den líon iomlán feadh na forbartha bóthair atá beartaithe i gcomparáid le 12% de na feirmeacha uile ar bhonn náisiúnta agus 16% de na feirmeacha uile i gContae na Gaillimhe a bhfuil capaill acu – tá sé sin bunaithe ar shonraí ó Áireamh

Talmhaíochta na Príomh-Oifige Staidrimh[1]. Tá líon ard fiontar eachaí ann go príomha ós rud é nach n-úsáidtear a lán de na dáileachtaí talún beaga ach chun capaillíní agus capaill a choinneáil chun críocha caithimh aimsire. Ní mheastar gur dáileachtaí íogaireachta ardleibhéil nó an-ardleibhéil ach trí cinn de na dáileachtaí talún sin.

- 1 Fiontair Eachaí Íogaireachta An-Ardleibhéil – (Rangaítear iad siúd mar réimsí de ghníomhaíocht dhian eachaí lena mbaineann idirghníomhú daonna suntasach amhail rásaí capall, seónna capall agus imeachtaí eachaí). Ráschúrsa na Gaillimhe (tagairt na ceapaí: 691)
- 2 Íogaireacht Ardleibhéil – (Rangaítear iad siúd mar réimsí de ghníomhaíocht dhian eachaí lena mbaineann idirghníomhú daonna laghdaithe amhail graífheirmeacha, scoileanna marcaíochta, clóis rásaíochta, clós seóléimní lena mbaineann bonneagar dírithe go suntasach ar ghnóthaí eachaí). Is graífheirm thipiciúil an péire díobh (tagairtí na gceapach: 751 agus 760)
- 14 Íogaireacht Mheánleibhéil – Is gníomhaíochtaí eachaí is lú déine na gníomhaíochtaí sin amhail scoileanna marcaíochta beaga, graífheirmeacha beaga lena mbaineann saoráidí breisíocha sainiúla amhail stáblaí, láthair aclaíochta, raon reatha tiomnaithe/cúrsa trastíre, boscaí beirthe searrach (tagairtí na gceapach: 115, 116, 117, 146, 489, 496, 505, 506, 507, 509, 513, 632, 649, 660/661)
- 29 Íogaireacht Íseal-leibhéil agus An-Íseal-leibhéil – Is gníomhaíochtaí eachaí a bhainistítear go dian na gníomhaíochtaí sin gan aon saoráidí coimhdeacha sainiúla ag baint leo ach lena bhféadfadh (i gcás íogaireacht íseal-leibhéil) corr-stábla agus láthair aclaíochta neamhthiomnaithe a bheith ag baint leo nó a bhféadfadh nach mbeadh a leithéid ag baint leo (i gcás íogaireacht an-íseal-leibhéil).

3.6 Sonraítear na tionchair ar fhiontair eachaí de réir feirme in Aguisín A. 14.1 den TMTT.

3.7 Breithníodh na spreagthaí diúltacha (fuaim agus amharc) a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe go cúramach i mo mheasúnú. D’fhéadfadh tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe méid suntasach fuaime mínormálta agus spreagthaí amhairc a chruthú a d’fhéadfadh cur isteach go mór ar chapaill sa chomharsanacht thart orthu. Is ainmhithe mothaitheacha iad capaill agus nuair a nochtar iad do spreagthaí coimhthíocha (fuaim, gluaiseacht, radhairc nó meascán díobh siúd) d’fhéadfaidís fanacht chun na bagairtí a mhothaíonn siad a mheas (troid) nó d’fhéadfaidís rith uathu sin chun éalú ón mbagairt (teitheadh). Dá bhrí sin, mar thoradh ar chapaill a thabhairt isteach i limistéar ina bhfuil spreagthaí fairsinge a bhaineann le tógáil bóthair, d’fhéadfadh capaill rith leo chun éalú ó na spreagthaí gan breathnú rompu nó d’fhéadfaidís fanacht gan imní orthu. Nuair a imíonn capaill chun scaoill, is féidir leo iad féin a ghortú trí rith isteach i mbacainní,

[1] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-fss/farmstructuresurvey2016/da/fs/ - Tábla 2.2

nó is féidir leo capaill eile a ghortú fiú. Ach níos measa ná sin, is féidir leo a marcaithe nó pearsanra eile nó an dá dream araon a ghortú freisin.

3.8 D'fhéadfadh na fuaimeanna agus na spreagthaí amhairc a bhaineann le trácht oibríochtúil a bheith ina gcúis le roinnt imní. Ach bíonn capaill thar a bheith oiriúnaitheach d'athruithe sa timpeallacht de ghnáth, agus téann siad i dtaithí go han-tapa ar na spreagthaí fuaime agus amhairc a bhaineann le sruth normálta tráchta.

3.9 Rinne mé Mionathrú le Bóthar Ceangail na Páirce Móire a mheasúnú chun na tionchair ionchasacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe a chinneadh. Idir na cuaillí 5 staid agus 3 staid leis an mbacainn fuaime agus an bundú leanúnach atá beartaithe soláthrófar sciathadh amhairc agus cloisteála imleor do na capaill rása. I mo thuairim féin, tá an mionathrú sin leordhóthanach chun timpeallacht shábháilte a sholáthar do na capaill.

# 4. Freagairtí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 Áirítear le seacht gcinn as an 296 aighneacht agus agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mhótarbhealaigh agus Scéim Bóthair Chosanta Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) breithnithe a bhaineann le gnóthaí eachaí. Dearbhaím nár bhain aon cheann de na 17 n-aighneacht/n-agóid a fuarthas maidir leis an bhFreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise le gnóthaí eachaí.

Seo a leanas na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí/agóidí sin:

- Tharraing péire ceist anuas maidir le leorgacht na measúnachta ar thionchair a bhaineann le gnóthaí eachaí (aighneacht/breithniú Ob_505 agus Ob_507)
- Tharraing péire ceist anuas maidir le tionchair ionchasacha ar fhiontair eachaí (aighneachta/breithniú Ob_572_574_591 agus Ob_751)
- Tharraing trí cinn ceist anuas maidir le tionchair ionchasacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe (aighneacht/breithniú Ob_691, Ob_691_713, agus Ob_713)

4.1.2 Tabharfaidh mé faoi gach aighneacht/breithniú go leithleach sna codanna a leanas.

## 4.2 Leorgacht na measúnachta ar thionchair a bhaineann le gnóthaí eachaí

### Ceist

4.2.1 Maítear in dhá aighneacht/agóid, Ob_505 agus Ob_507, go bhfuil an mheasúnacht neamh-imleor.

### Freagra

4.2.2 Tugann Con Curtin faoi leorgacht na measúnachta ar thalmhaíocht ina chuid freagairtí ar aighneachtaí/agóidí. Ós rud é go bhfuil an dá réadmhaoin sin gafa le fiontar eachaí tabharfaidh mé faoi na haighneachtaí/agóidí sin i dtéarmaí na measúnachta ar thionchair eachaí ar an dá réadmhaoin sin.

***Aighneacht/Agóid Ob_505***

4.2.3 Chuir an duine ag a bhfuil feirm aige ar an talamh sin in iúl dom go raibh an talamh, 5.4 heicteár san iomlán, scartha ina dhá dháileacht – ceann 2.4 heicteár ina aice leis an teach cónaithe agus ceann eile 3 heicteár, a bhfuil 1.1 acra de cuimsithe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe sa chuid is faide ó theas den dáileacht talún sin. Ní raibh aon fhianaise ann ar úsáid eachaí dhian agus bhain mé an tátal as nár úsáideadh an talamh ach chun na capaill a chur ar féarach amháin (úsáid fhairsing). Féarach garbh a bhí sa talamh agus baineadh úsáid aisti chun capaill a choinneáil.

4.2.4 Ní bheidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina cúis le scaradh nua ar bith agus is í gabháil iomlán na talún atá beartaithe 1.1 heicteár nó timpeall ar 19% den ghabháltas talún sin. I mo thuairim féin, ní bheidh ach tionchar measartha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhfiontar eachaí sin (mar gheall ar mhéid na talún a chaillfear go príomha).

***Aighneacht/Agóid Ob_507***

4.2.5 Tá 3.1 heicteár sa ghabháltas. Thug mé cuairt ar an réadmhaoin an 17 Nollaig 2019 agus bhuail mé leo siúd a bhfuil feirmeacha acu ar na tailte, agus a úsáideann tailte in aice leo freisin. Bhí timpeall ar 18 gcapaillín Chonamara ag rith ar an dá fheirm – ceithre láir agus ceithre shearrach (8), stail (1), dhá shearrach bliana (2), dhá shearrach dhá bhliain d'aois (2), dhá shearrach trí bliana d'aois (2), searrach ceithre bliana d'aois amháin (1), gearrán cúig bliana d'aois amháin (1) agus gearrán 16 bliana d'aois amháin (1). Bhí stáblaí ar an talamh, agus an stail i gceann amháin acu. Bhí na stáblaí sin ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus cnoc beag mar fhoscadh acu. Ní raibh aon fhianaise ann ar úsáid eachaí dhian agus bhain mé an tátal as nár úsáideadh an talamh ach chun na capaill a chur ar féarach amháin (úsáid fhairsing). Féarach garbh a bhí sa talamh. Chonaic mé an áit a gcuirfeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe isteach ar an talamh. Ní raibh aon scaradh talún (deighilt) i gceist agus is í gabháil iomlán na talún atá beartaithe 0.06 heicteár nó timpeall ar 2% den talamh.

4.2.6 I mo thuairim féin, ní bheidh ach tionchar éadrom ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhfiontar eachaí sin.

## 4.3 Tionchair Ionchasacha ar Fhiontair Eachaí

### Ceist

4.3.1 Tarraingítear imní anuas in Ob_572 maidir le hinmharthanacht a bhfiontair eachaí tar éis thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe mar gheall ar mhéid na gabhála talún agus ar an gcur isteach ar aistriú capall laistigh de na tailte atá fágtha agus chuig tailte eile atá coinnithe.

Ob_572 *"Ciallóidh sé sin freisin go mbeidh sé beagnach dodhéanta dúinn an oibríocht feirmeoireachta eachaí atá againn faoi láthair a choimeád. Tá an méid atá beartaithe éagothrom ar an mbonn go bhfuil éadanas fairsing agus rochtain ar thailte ár gcliant á mbaint agus an talamh a úsáidtear chun rochtain a sholáthar d'úinéirí réadmhaoine eile. Is é an toradh air sin go gcuirfear isteach go mór ar aistriú capall laistigh de na tailte is ábhar agus chuig tailte coinnithe eile.*

*Bheadh geataí rochtana breise de dhíth orainn chun sin a mhaolú ach bheadh sé sin fós ina réiteach thar a bheith míshásúil agus costasach agus is é a bheadh i gceist leis capaill a aistriú feadh bealaigh rochtana i bhfad níos deacra agus níos fairsinge."*

4.3.2 Tarraingítear imní anuas freisin in Ob_751 maidir le hinmharthanacht a bhfiontair eachaí, leorgacht chóireáil na teorann agus iarmhairtí fuaime.

Ob_751 *"Is beart chomh heisceachtúil an sealbhú ag an réadmhaoin seo go mbaintear a hinmharthanacht leis mar aonad neamhspleách.*

*Oibríonn úinéir na réadmhaoine graífheirm ag an láthair seo agus coinnítear staileanna, láracha agus searraigh ar na tailte agus dá bhrí sin beidh fálú oiriúnach de dhíth le haghaidh na húsáide sin.*

*Tá na moltaí maolaithe fuaime ag an láthair seo neamh-imleor nuair a chuirtear san áireamh gaireacht an tí chónaithe agus an chlóis leis an scéim bóthair atá beartaithe agus nádúr an fhiontair eachaí atá ar siúl ar na tailte."*

## Freagra

4.3.3 Tugann an tUasal Eileen McCarthy faoin mbonn cirt le gabháil na talún ina cuid freagairtí ar aighneachtaí/agóidí. Tugtar faoi oiriúnacht chóireáil na teorann do thailte talmhaíochta i bhfreagairtí de chuid an Uasail Con Curtin ar aighneachtaí/agóidí. Tabharfaidh mé achoimre ar an bhfiontar eachaí ag na réadmhaoine sin agus ar an tionchar ionchasach mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

***Ob_572***

4.3.4 Tá feirm ag an úinéir ar an réadmhaoin seo. Thug mé cuairt ar an bhfeirm an 17 Nollaig 2019 agus bhuail mé leis an úinéir. Cuimsítear 5.8 heicteár leis an talamh, agus dhá pháirc bheaga ann as a mbaintear úsáid chun féarlas a fhás (timpeall ar 50 burla gach bliain) agus is féarach measartha garbh an chuid eile den talamh ar fhánaí dronnlacha. Chuir an t-úinéir in iúl dom gur bhain sé úsáid as an talamh chun a chuid capall a gheimhriú amuigh – bhí trí láir aige le searraigh iontu chomh maith le sé shearrach idir dhá bhliain agus trí bliana d'aois (9 san iomlán). Bhí seid oscailte ann freisin, de thimpeall ar 18 dtroithe faoi 40 troigh ag ceann deisceartach na feirme lena soláthraíodh foscadh sármhaith do na capaill nuair ba ghá. Ní raibh aon fhianaise ann ar úsáid eachaí dhian agus bhain mé an tátal as nár úsáideadh an talamh ach chun na capaill a chur ar féarach amháin (úsáid fhairsing). Chuir an t-úinéir in iúl dom go raibh 2.16 heicteár á gcailliúint aige ina raibh dhá bhanrach as ar baineadh úsáid le haghaidh foráiste chomh maith leis an limistéar ar foscadh ina raibh an tseid. Beidh scaradh (deighilt) áirithe na talún ann mar gheall ar an

bhforbairt bóthair atá beartaithe agus is é 37% den fheirm an ghabháil talún atá beartaithe.

4.3.5 I mo thuairim féin, beidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhfiontar eachaí sin mar gheall ar mhéid na talún a chaillfear agus scaradh na talún.

***Ob_751***

4.3.6 Breithníodh na spreagthaí diúltacha (fuaim agus amharc) a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe go cúramach i mo mheasúnú. D'fhéadfadh tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe méid suntasach fuaime mínormálta agus spreagthaí amhairc a chruthú a d'fhéadfadh cur isteach go mór ar chapaill sa chomharsanacht thart orthu. Is ainmhithe mothaitheacha iad capaill agus nuair a nochtar iad do spreagthaí coimhthíocha (fuaim, gluaiseacht, radhairc nó meascán díobh siúd) d'fhéadfaidís fanacht chun na bagairtí a mhothaíonn siad a mheas (troid) nó d'fhéadfaidís rith uathu sin chun éalú ón mbagairt (teitheadh). Dá bhrí sin, mar thoradh ar chapaill a thabhairt isteach i limistéar ina bhfuil spreagthaí fairsinge a bhaineann le tógáil bóthair, d'fhéadfadh capaill rith leo chun éalú ó na spreagthaí gan breathnú rompu nó d'fhéadfaidís fanacht gan imní orthu. Thiomnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe í féin chun saineolaí tréidliachta a fhostú chun idirghabháil le húinéirí talún d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi leas eachaí go himleor.

4.3.7 D'fhéadfadh na fuaimeanna agus na spreagthaí amhairc a bhaineann le trácht oibríochtúil a bheith ina gcúis le roinnt imní. Ach bíonn capaill thar a bheith oiriúnaitheach d'athruithe sa timpeallacht de ghnáth, agus téann siad i dtaithí go han-tapa ar na spreagthaí fuaime agus amhairc a bhaineann le sruth normálta tráchta.

4.3.8 Tá feirm ag an úinéir ar an réadmhaoin seo. Thug mé cuairt ar an bhfeirm an 17 Nollaig 2019 agus bhuail mé leis an úinéir. Tá 9.1 heicteár talún ann ar a bhfuil foirgnimh feirme shuntasacha. Bhí clós stábla ar imeall thuaidh na feirme, in aice leis an teach cónaithe. Bhí ocht stábla sa chlós in dá fhoirgneamh ar leith, mar aon le limistéar cumhdaithe ina raibh bacáin a úsáidtear chun a láracha a láimhseáil agus ciorcal traenála ar a raibh cuma maith. Bhí lána ann a ritheann síos láir na feirme agus bhí scioból foráiste mór ann ar thaobh thoir an lána sin. Chuir an t-úinéir in iúl dom go raibh deich láir Tharraingthe Éireannacha folaíochta aige agus gur dhíol sé a síolrach mar shearraigh de ghnáth. Bhí bromach dhá bhliain d'aois ag an úinéir freisin agus bhí sé beartaithe aige faomhadh a fháil dó mar stail Tarraingthe Éireannach dá úsáid féin. Bhí idir 10-20 eallach ag an úinéir le haghaidh féarach a bhainistiú go príomha. Bhí fianaise ann ar úsáid eachaí dhian timpeall ar chlós na stáblaí agus bhain mé an tátal as nár úsáideadh an talamh ach chun na capaill a chur ar féarach amháin (úsáid fhairsing) ach gur úsáideadh an clós le haghaidh idirghníomhú dian idir duine agus capall. Talamh ar ardchaighdeán a bhí sa talamh. Thaispeáin an t-úinéir dom an áit a gcuirfeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe isteach ar a thalamh. Ní raibh aon scaradh talún i gceist agus is í gabháil iomlán na talún atá beartaithe 6.28 heicteár nó timpeall ar 69% den talamh.

4.3.9 I mo thuairim féin, bhí tionchar trom ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhfiontar eachaí sin mar gheall go príomha ar mhéid na talún a chaillfear.

## 4.6 Tionchair Ionchasacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe

### Ceist

4.6.1 Caitear amhras ar leorgacht na measúnachta ar thógáil agus ar oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe ar Ráschúrsa na Gaillimhe in aighneacht/agóid Ob_691.

4.6.2 Tarraingítear anuas leorgacht na measúnachta ar roghanna eile i gcomhthéacs na maitríse measúnachta foriomláine in Obv_691_713 mar gheall ar na tionchair shuntasacha ar an ngnólacht seo atá ina léasaí de thailte a aimsíodh ar mhaithe le maolú do Ráschúrsa na Gaillimhe. Tá ceist á tarraingt anuas ag úinéir réadmhaoine na dtailte sin freisin maidir leis an mbonn cirt lena ngabháil in Ob_713.

### Freagra

4.6.3 Tá Ráschúrsa na Gaillimhe faoi úinéireacht agus faoi oibriú ag Coiste Ráschúrsa na Gaillimhe. Mar sonraíodh ní ba luaithe, thug mé cuairt ar Ráschúrsa na Gaillimhe an 6 Iúil 2017 agus bhuail mé leis an mbainisteoir ginearálta. Rinne mé turas timpeall an ráschúrsa leis an mbainisteoir ginearálta agus mhínigh sé go mionsonrach conas a oibrítear an ráschúrsa, le béim ar leith ar oibríochtaí ar laethanta na rásaí. Ansin thug an bainisteoir ginearálta breac-chuntas maidir le conas a cheap coiste Ráschúrsa na Gaillimhe go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar a ráschúrsa. Tá mo mheasúnacht ar thionchair ionchasacha ar Ráschúrsa na Gaillimhe bunaithe ar an bhfaisnéis a fuair mé ón gcomhrá a bhí agam leis an mbainisteoir ginearálta, ar bhreithnithe a rinne mé le linn mo chuairte ar an ráschúrsa, ar mo thuiscint ar na hoibreacha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláinte agus ar leas na gcapall lena mbaineann, ar na bearta maolaithe atá beartaithe agus ar an tionchar foriomlán a bheadh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Ráschúrsa na Gaillimhe.

4.6.4 Bhí cruinnithe fairsinge ag Arup le Coiste Ráschúrsa na Gaillimhe idir 2014 agus 2018, chun an tuiscint is fearr a fháil ar conas a oibrítear Ráschúrsa na Gaillimhe agus ar na tionchair ionchasacha a d’fhéadfadh a bheith ag tógáil agus ar oibriú araon na forbartha bóthair atá beartaithe ar an bhfiontar dá chuid. Rinneadh seicheamhú na n-oibreacha tógála a shonrú agus a chomhaontú le Ráschúrsa na Gaillimhe d’fhonn a chinntiú gurbh fhéidir dul ar aghaidh leis na rásaí capall, go háirithe na príomhrásaí capall i mí Iúil gach bliain, le linn thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe. Cuirtear sonraí maidir leis an seicheamhú sin i láthair in Aguisín A.7.4 den TMTT.


4.6.5 D’fhonn caillteanas na stáblaí atá ann a mhaolú tógfar stáblaí sealadacha a bheidh le húsáid go dtí go dtógfar stáblaí buana nua, de réir mar a thaispeántar ar Fhíor 5.1.10 den TMTT agus mar a shonraítear in Aguisín A.15.2 den TMTT.

4.6.6 Tá láthair reatha stáblaí an ráschúrsa, an limistéir lódála/dílódála agus na páirceála d'iompar capall suite ar cheapach talún 17,580 méadar cearnach ar thaobh thoir theas de limistéar poiblí an ráschúrsa, ó thuaidh den raon rásaí. Is láthair thábhachtach í an láthair sin mar go bhfuil sí nasctha go díreach leis an bhfáinne paráide agus is ón bhfáinne paráide a théann na capaill isteach ar an raon rásaí agus amach ar ais uaidh arís. Tá na capaill in ann teacht agus imeacht ón mbloc stáblaí sin gan cur isteach ar an raon rásaí é féin ná ar na limistéir phoiblí, rud atá ina shocrú idéalach chun leasa na gcapall.

4.6.7 Téann bealach na forbartha bóthair atá beartaithe díreach tríd an limistéar stáblaí reatha. Mhol Comhairle Chontae na Gaillimhe go ndéanfaidís na stáblaí a bhaint, tollán a thochailt agus ansin an tollán a chumhdach arís. Seo a leanas na ceisteanna don ráschúrsa mar thoradh air sin:

1) Gabháil Talún – Caillfidh an ráschúrsa 10,980 méadar cearnach de thalamh, a úsáidtear faoi láthair le haghaidh capaill rása a lódáil/a dhílódáil agus le haghaidh iompar capall a pháirceáil. Gheofar an 6,600 méadar cearnach atá fágtha ón ráschúrsa chun críocha Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe a shuiteáil, agus go bunúsach is talamh é a bheidh suite os cionn an tolláin den chuid is mó sa chás deiridh. Tá crios maolánach/srianadh 9m ar gach taobh den tollán agus ní cheadaítear do chrios tionchair aon struchtúir ualachiompartha a bheith laistigh de mar a thaispeántar in Alt 3.0 d'Aguisín A.15.2 den TMTT. Mar thoradh air sin tá laghdú glan ar an achar atá ar fáil do Ráschúrsa na Gaillimhe i gcúinne thoir thuaidh an ghabháltais, i.e. limistéar na stáblaí (6,600m$^2$), an limistéar páirceála/dílódála leantóirí capall (6,600m$^2$) agus an limistéar páirceála leantóirí capall (5,680m$^2$) de réir mar a thaispeántar i bhFíor 1.

**Fíor 1: Clós Stáblaí Reatha**




2) Bloc Stáblaí Nua – Faoi láthair tá 165 stábla, seid choimhdeach, bá nite, bosca scrúdaithe tréidliachta agus foirgneamh coimhdeach sa bhloc stáblaí reatha, agus iad go léir laistigh de 6,600 méadar cearnach. Éascaítear líon na stáblaí

atá ar an láithreán faoi láthair trí mhéid bheag na stáblaí reatha. De réir an dea-chleachtais reatha ní foláir nó go mbíonn stáblaí de thoisí 3.65 x 3.65 méadar ar a laghad le haghaidh capaill fhásta. Mar thoradh air sin, d'fhonn na saoráidí stábla atá ann laistigh de chlós na stáblaí reatha a athsholáthar beidh talamh i bhfad níos mó de dhíth ná mar atá in úsáid faoi láthair.

3) Láthair – Tá láthair reatha chlós na stáblaí agus na saoráidí coimhdeacha, maidir le teacht isteach sa chiorcal roimh an bparáid agus ar aghaidh trí sheicheamh na ngníomhaíochtaí go tús an rása, ríthábhachtach le haghaidh oibríocht éasca an ráschúrsa ar na cúiseanna a leanas:

   a. tá siad suite ar thaobh eile na líne críche ionas gur féidir le capaill imeacht amach ón raon a luaithe agus a stadann siad

   b. tá siad in aice leis an mbanrach ina siúlann siad thart roimh an rás, áit a gcuirtear fáilte roimh na buaiteoirí tar éis an rása

   c. tá rochtain éasca orthu ach tá siad i bhfad ó na carrchlóis phoiblí, rud lena ligtear d'iontráil isteach sa ráschúrsa agus do dhul amach uaidh go gasta do na hiompróirí capall

4.6.8 Ob_ 691_713 agus Ob_713: Ós rud é gur srianadh buan é Ráschúrsa na Gaillimhe i maitrís na measúnachta, rinneadh na tionchair air a mheasúnú mar chuid den mhaitrís agus rinneadh measúnú ar roghanna eile maidir le maolú. Rinneadh iniúchadh ar leaganacha amach comhroghnacha agus ar shocruithe le haghaidh an tionchar príomhúil a mhaolú, eadhon scartáil na stáblaí, mar a leanas:

- Is é an chéad rogha ar a ndearnadh iniúchadh ná athshuí chlós na stáblaí go díreach mar atá sé suite sa láthair reatha, agus is é atá i gceist leis sin go mbeadh sé ina shuí os cionn an tolláin. Tá tolláin ag roinnt ráschúrsaí faoi bhóithre áitiúla agus faoi sheastáin mhóra chun clós na stáblaí a nascadh le ciorcal na paráide agus leis an ráschúrsa, mar atá i ráschúrsaí an Churraigh, Longchamps i bPáras agus Royal Ascot. I mo thaithí féin go dtí seo, áfach, níl eolas agam ar stáblaí ráschúrsa ar bith atá suite go díreach os cionn tollán bóthair in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe ná ar mhór-roinn na hEorpa. I ráschúrsa Royal Ascot a athchóiríodh le déanaí, mar shampla, tá roinnt tolláin ghearra suite faoi na seastáin chun ligean do chapaill rása an ráschúrsa a rochtain, mar aon le roinnt tolláin bóthair faoin ráschúrsa é féin chun ligean d'fheithiclí carrchlóis laistigh den pháirc a rochtain, ach suíodh clós na stáblaí ¼ míle ón raon d'aon ghnó i dtimpeallacht chiúin, shuaimhneach. Ina theannta sin, mar gheall ar an spás a bheadh riachtanach chun bloc stáblaí a sholáthar i gcomhréir le ceanglais tógála sa láthair dhíreach sin, beidh tionchar aige ar an raon é féin agus cuirfear isteach air, agus chomh maith leis sin tá an cheist fós ann de láthair a aimsiú do pháirceáil na leantóirí capall nach mór í a nascadh chomh gar agus is féidir do na stáblaí. Ina theannta sin, mar gheall ar an gcrios maolánach/srianadh 9m ar gach taobh den tollán nach gceadaítear do chrios tionchair aon struchtúir ualachiompartha a bheith laistigh de, déanfar an limistéar tógála a bhrú isteach níos mó i limistéar an raoin reatha

- Ní féidir clós na stáblaí a bhogadh isteach ar gharpháirc (laistigh den raon rásaí) an raoin mar níl rochtain ar an ngarpháirc do leantóirí capall faoi láthair agus níl aon tollán ann ionas gur féidir le capaill trasnú os cionn an raoin chuig an limistéar diallaite agus an ciorcal réamh-pharáide. Bheadh sé riachtanach dhá thollán mhóra a thógáil faoin raon chun freastal air sin – ceann amháin chun ligean d'iompróirí capall clós na stáblaí a rochtain agus imeacht amach uaidh agus an dara tollán chun capaill rása a thabhairt chuig an mbanrach agus ar ais uaithi arís. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht thógála sin dhúnfaí an raon rásaí le haghaidh dhá nó trí bliana, agus tionchar ollmhór mar gheall air sin ar a inmharthanacht. Sa bhreis air sin, tarlaíonn gluaiseachtaí capall ollmhóra go háirithe le linn sheachtain na féile agus chruthófaí ceisteanna loighciúla géara mar gheall orthu maidir leis na rásaí a reáchtáil dá mbeadh na capaill i stáblaí sa gharpháirc
- Bhreithnigh mé clós na stáblaí a bhogadh go taobh thiar an tseastáin mhóir, ach bheadh forbairt an bhóthair ag cúngú ar cheann ar bith de na láithreáin oiriúnacha
- Trí chlós na stáblaí a bhogadh go taobh eile an limistéir phoiblí bheadh sé riachtanach freisin láthair reatha na banraí agus an tseastáin mhóir a aisiompú agus dá mbeadh sé suite sa láthair sin, bheadh ar na capaill rása taisteal ar ais thar an stráice críche chun dul ar ais chuig clós na stáblaí – rud lena mbainfeadh tionchar diúltach eile maidir le hoibriú Ráschúrsa na Gaillimhe
- Dá bhrí sin, i mo thuairim féin, is iad na tailte oiriúnacha amháin a mbeadh Comhairle Chontae na Gaillimhe in ann na stáblaí a athlonnú chucu an cheapach talún 8,670 méadar cearnach ar thaobh thoir thuaidh na forbartha bóthair atá beartaithe. Teastaíonn an talamh sin cheana féin chun gur féidir an tollán a thógáil. Is féidir an bloc stáblaí a thógáil ar an talamh sin agus is féidir an pháirceáil do leantóirí capall a shuí os cionn an tolláin, díreach in aice leis na stáblaí nua. Leis an socrú sin ligfear iontráil optamach do na capaill chuig an gciorcal paráide roimh na rásaí mar aon le bealach amach ón ráschúrsa tar éis na rásaí. Mar gheall ar na ceanglais tógála thuasluaite, beidh níos lú stáblaí ag clós na stáblaí (laghdú de sheacht stábla), agus ní foláir nó go mbeidh na stáblaí sin rud beag níos lú ná an mhéid atá molta (3.4 x 3.4 méadar v 3.65 x 3.65 méadar). Ba chóir nach mbeadh aon tionchar diúltach ag laghdú beag ar mhéid mholta na stáblaí ar na capaill rása a chuirfear sna stáblaí sin

4.6.9 Is é an réiteach optamach an tógáil a theorannú do chúinne thoir thuaidh Ráschúrsa na Gaillimhe mar coinneofar na stáblaí sa láthair chéanna i dtaca le hoibríochtaí eile an ráschúrsa.

4.6.10 Tugtar faoi deara go mbaineann an imní is mó atá tarraingíodh anuas acu ina n-aighneacht/n-agóid leis na tionchair le linn na tógála agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu sin ar an ráschúrsa. Mar a tugadh chun suntais thuas, pléadh seicheamhú mionsonraithe maidir le tógáil le Ráschúrsa na Gaillimhe agus comhaontaíodh é leo agus cuirtear i láthair é in Aguisín A.7.4 den TMTT.

4.6.11 De réir cosúlachta ní raibh tionchar oibríochtúil tolláin bóthair ó thuaidh den raon rásaí ina imní mhór. Tá sé sin intuigthe mar déileálann an tionscal eachaí go rathúil le tolláin bhóthair cheana féin gar do ráschúrsaí. Mar shampla, tá tollán bóthair (A330) faoi Chúrsa an Mhíle Dhírigh agus tollán bóthair níos faide eile faoin A330 agus faoin gCúrsa Cruinn ag Royal Ascot, atá ar cheann de na ráschúrsaí is tábhachtaí ar an domhan.

4.6.12 Caithfidh gur sólás é sin do Choiste Ráschúrsa na Gaillimhe chun a thabhairt faoi deara go ndearna Ráschúrsa an Churraigh a sheastán mór, a chiorcal paráide agus a áiseanna uile eile a athsholáthar i dtréimhse dhá bhliain le déanaí gan ach tionchar beag nó tionchar ar bith ar rásaí ag an gcúrsa. Ar dtús rinneadh an moladh chun an ráschúrsa a dhúnadh le haghaidh dhá bhliain agus na rásaí uile a aistriú go Baile na Lobhar mar gheall ar thionchair ionchasacha na gníomhaíochta tógála ar lucht freastail na rásaí agus ar an ráschúrsa araon. Rinneadh socruithe oiriúnacha, áfach, idir an conraitheoir agus lucht bainistíochta an ráschúrsa lenar ligeadh do leanúint leis na rásaí le linn phróiseas na tógála.

# 5. Conclúid

5.1 Is fiontair íogaireachta meánleibhéil agus íseal-leibhéil iad mórchuid na bhfiontar eachaí feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Déantar iad sin a chatagóiriú mar fhiontair íogaireachta meánleibhéil agus íseal-leibhéil mar gheall ar easpa saoráidí a bhíonn bainteach de ghnáth le feirmeacha íogaireachta ardleibhéil (graífheirmeacha, stáblaí rásaí, stáblaí marcaíochta nó ionaid eachaí) amhail raonta reatha, clóis stáblaí, scoileanna laistigh, airéiní uile-aimsire, banracha le cuaillí agus ráillí, etc., na cineálacha capall a choinnítear atá ina gcapaillíní go príomha chun críocha áineasa, líonta ísle na gcapall ar gach gabháltas, méid bheag na ngabháltas agus cáilíocht bhocht na talún.

5.2 Leis an measúnacht eachaí breithníodh cineálacha na bhfeirmeacha, na hoibríochtaí feirmeoireachta, bearta maolaithe agus na tionchair ionchasacha uile, lena n-áirítear tionchair dhíreacha, indíreacha agus charnacha agus idirghníomhaíochtaí ionchasacha le topaicí comhshaoil eile. Rinneadh breithniú iomlán ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus sna hagóidí maidir leis na tionchair ionchasacha ar fhiontair eachaí, agus tar éis machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna sin, tá conclúidí an mheasúnaithe tionchair ar fhiontair eachaí fós mar a leagtar amach i ndoiciméid an iarratais. Seo a leanas torthaí na measúnachtaí eachaí: tá tionchar trom ar ghabháltas amháin, tá tionchar an-suntasach ar ghabháltas amháin eile, tá tionchar suntasach ar naoi ngabháltas, tá tionchar measartha ar ocht ngabháltas, tá tionchar beag ar cheithre ghabháltas agus ní imrítear tionchar suntasach ar bith ar 23 ghabháltas Is tionchair thipiciúla iad na tionchair sin a bhaineann le mórthionscadail eile maidir le bonneagair bóithre agus glactar leo nuair a chuirtear na tairbhí don tsochaí níos leithne san áireamh.

5.3 Mar aitheantas do leibhéal na bhfiontar eachaí feadh na forbartha bóthair atá beartaithe, tá tiomantas eile tugtha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe go mbeadh sé ina cheanglas ar an gConraitheoir chun saineolaí tréidliachta a fhostú chun idirghabháil le húinéirí talún d'fhonn a chinntiú go dtugtar faoi leas eachaí go

himleor le linn na tógála agus cuirfear sin sa Sceideal de Thiomantais Chomhshaoil.

5.4 Mar fhocal scoir, tar éis dom measúnú a dhéanamh ar na haighneachtaí/agóidí a cuireadh isteach chuig an mBord Pleanála maidir le ceisteanna eachaí, aontaím leis an measúnacht ar thionchair ar na fiontair eachaí sin in Aguisín A.14.1 d'Imleabhar 4 den TMTT.